

An Príomhfheidhmeannach,
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta,
1-2 Sráid an Mhuilinn,
Baile Átha Throim,
Co. na Mí.

NCSEResearch@ncse.ie

CC: anne.aberg@hse.ie

30 Lúnasa 2018

Tag : Tionscnamh píolótach chun Teiripeoirí Speisialta a thabhairt isteach sna Scoileanna i gceantar 7 den Eagraíocht Pobail Cúram Sláinte CHO de chuid an Feidhmeannach Seirbhísí Sláinte

A Chara,

Bhíomar i dteagmháil leis an tAire Oideachas le déanaí maidir leis an Tionscnamh píolótach chun Teiripeoirí Speisialta a thabhairt isteach sna Scoileanna i gceantar 7 CHO. <https://www.education.ie/en/Press-Events/Press-Releases/2018-press-releases/PR18-07-06.html> . Bhíomar ag iarraidh a chinntiú go mbeidh teiripeoirí urlabhra agus teiripeoirí saothar ar fáil le Gaeilge do na scoileanna atá ag feidhmiú trí Ghaeilge. An freagra a fuaireamar ar ais ó Rúnaí an Aire faoi sin ná ‘Glacfar inniúlacht teiripeoirí seirbhísí a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla sa phróiseas earcaíochta agus teiripeoirí a chur chuig Gaelscoileanna.’ An mhiste leat a dheimhniú, mar sin, go mbeidh riachtanas Gaeilge luaithe san fhógra earcaíochta do na teiripeoirí a bhéas ag obair leis na gaelscoileanna agus an scoil eile atá ag feidhmiú trí Ghaeilge agus Béarla?

Chomh maith leis sin, tuigtear dúinn go raibh tairiscint taighde foilsithe agaibh le déanaí maidir leis an tionscnamh seo. <http://ncse.ie/wp-content/uploads/2018/07/RFT-therapy-demonstration-project-for-etenders.pdf>.

Cuirimid fáilte go bhfuil sé luaithe agaibh sa tairiscint gur féidir tairiscintí a chur chugaibh i nGaeilge nó i mBéarla. Ach tá sé tugtha faoi deara againn nach raibh cúlra teangan na daltaí luaithe sa tairiscint taighde sin. An mbeidh an Chomhairle ag cur na taighdeoirí ar an eolas go mbeidh cúlra teangan éagsúla ag na daltaí sa tionscnamh seo, ionas gur féidir leo monatóireacht ceart a dhéanamh ar an tionscnamh ina iomlán?

Ós rud é go mbeidh cúlra teanga éagsúil i gceist lena páistí atá ag freastal ar Ghaelscoileanna, cén socruithe atá déanta/á dhéanamh ag an Roinn chun uirlisí mheastóireachta a fhorbairt chun an éagsúlacht cúlra teanga seo a aithint sa taighde agus moltaí feabhsaithe a fhorbairt do na páistí seo?

Beidh na daltaí ag plé leis an teiripeoir trí Ghaeilge agus beidh an teiripeoir ag tuairisciú don bhfoireann sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus sa Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte. Chun go mbeidh tuairisciú cruinn á dhéanamh ag an teiripeoir, go háirithe i dtaobh urlabhra de, beadh gá mar sin go mbeidh Gaeilge ag ar a laghad ag duine amháin den fhoireann sa Chomhairle

Naisiúnta um Oideachais agus duine amháin sa Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte. An mbeidh aon den fhoireann riaracháin agus bainistíochta de chuid an Comhairle Naisiúnta um Oideachais in ann deileáil leis an teiripeoir i nGaeilge, an amhlaidh a bheidh sé maidir le foireann bainisteoirí cliniciúla an Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, an mbeidh Gaeilge ag an bhfoireann sin freisin?

Bhéinn buíoch as soileiriú ar na ceistanna seo ar fad le do thoil.

Is mise, le meas,

Caoimhín Ó Cadhla

Caoimhín Ó Cadhla

Feidhmeannach Taighde agus Anailíse

Conradh na Gaeilge

Aguisín 1 : Freagra ó Rúnaí an Aire i dtaobh an Scéim Píolótach

Caoimhín Ó Cadhla

caoimhinoc@cnag.ie

Ár dTAG: CU01415-2018

A Caoimhín, a chara,

Go raibh maith agat as do chomhfhreagras chuig an Aire Oideachais agus Scileanna, an tUas. Richard Bruton TD,

D'fhógair an Aire le gairid go dtabharfar isteach tionscadal léirithe chun seirbhísí teiripe réamhscolaíochta a sholáthar don scoilbhliain 2018/19.

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a dhéanfaidh bainistiú agus comhordú ar an tionscadal.

Is iad na Ranna Oideachais, Gnóthaí Leanaí agus Óige, Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a d'fhorbair an tsamhail, agus tá sé mar chuid d'aidhm fhoriomlán an rialtais cuidiú le gach leanbh barrchumas a bhaint amach.

Is é cuspóir an tionscadail seo ná tástáil a dhéanamh ar thacaí teiripeacha saincheaptha trínar féidir idirghabháil luath a dhéanamh maidir le teiripe cainte, teanga agus teiripe shaothair a sholáthar laistigh de 'chomthéacsanna oideachais'. Comhlánóidh an clár píolótach nuálaíoch seo soláthar reatha maoinithe FSS ar sheirbhísí riachtanacha teiripe.

Glacfaidh 75 scoil, lena n-áirítear sampla ionadaíoch de bhunscoileanna, d'iarbhunscoileanna agus de scoileanna riachtanais speisialta páirt sa tionscadal. Glacfaidh 75 réamhscoil páirt fosta.

Tá an tionscadal ag tarlú in Eagraíocht Shláinte an Phobail Réigiún 7 de Bhaile Átha Cliath Thuaidh Theas, Cill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin agus is as na ceantair seo dá réir a bheidh na scoileanna.

As an 75 scoil a bhfuiltear ag tabhairt cuiridh dóibh a bheith páirteach is Gaelscoil atá i dtrí cinn acu, agus déantar an teagasc trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla i scoil eile.

Mar chuid den chlár, earcóidh an FSS 19 teiripeoir urlabhra agus teanga agus 12 Teiripeoir Saothair chun a bheith ag obair sa 150 scoil agus réamhscoil. Earcóidh an NCSE 2 Comhordaitheoir Náisiúnta chun an tionscadal a bhainistiú.

Glacfar iniúlacht teiripeoirí seirbhísí a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla sa phróiseas earcaíochta agus teiripeoirí a chur chuig Gaelscoileanna.

Sa tionscadal seo tófar le chéile teiripeoirí agus gairmithe oideachais a bhíodh ag feidhmiú go minic go dtí seo ar leithligh.

Beidh siad in ann a bheith ag obair le chéile chun a gcuid eolais ghairmiúil agus saineolas a phleanáil, a chomhroinnt agus a chomhoibriú ionas gur féidir tacaíocht níos éifeachtúla a thabhairt do líon níos airde daltaí i dtimpeallachtaí scoile, mar ar minic a bhíonn gá ollmhór ann.

Is mise, le meas,

Derek Newcombe

Rúnaí Príobháideach